



AN TAOBH Ó THUAIDH

agus ar fud na cathrach

ggg

Ná labhair faoi ach déan é

TAOBH ISTIGH:

IMLEABHAR 6 EAGRÁN 4

IÚIL—LÚNASA 2019

AN BHFUIL DO SHUAITHEANTAS AGAT?

Ceacht beag 2

Radharc ar Ifreann (dán) 2

Luimnigh 2

Scéal grinn 3

Turas dúlra thart ar na Blascaodaí 4

Éigse Chluain Tarbh 2019 - Fionnradharc 5

Toraigh - mo chéad turas 6

Mo chéad bhlas den Ghaeltacht 7

An Consairtín á cheiliúradh 8

Percy Ludgate agus Sciobairín digiteach 9

Crosfhocal & Cuardach focal 10

Foclóirín 11

Aistear Apollo 11 - I 12



Tá na maidineacha caife ar an bhfód le roinnt blianta anois agus ag dul ó neart go neart i gcónaí. Tá siad scaipthe ar fud na cathrach agus tá ceann ar siúl gach lá sa tseachtain, an Domhnach san áireamh. Féach ar an suíomh idirlín maidineacha-caife.weebly.com chun teacht ar liosta díobh leis an áit, an lá, agus an t-am do gach ceann acu. Anois tá tú in ann, ar Euro amháin, suaitheantas a fháil leis na focail *Cumann na Maidineacha Caife*, air. Níl aon scrúdú Gaeilge le déanamh agat roimh é a cheannach fiú! Tá seacht ndearadh den suaitheantas ar díol (thíos). Is féidir leat gach ceann a cheannach, ceann do gach blús, gach geansaí nó gach léine atá agat! I ndáiríre níl Cumann ann ach buíon cairde le spéis acu sa Ghaeilge a thagann le chéile chun caint agus comhrá a dhéanamh ar a sáimhín só. Is dócha go mbíonn argóintí eadrainn uaireanta ach is annamh a tharlaíonn siad agus bíonn siad dearmadta go tapa.

An Ghaeilge a chur os comhair (agus i gcluasa) an phobail is ea príomhaidhm na MC. Bíonn an scéal céanna ag a lán againn faoi dhaoine a thagann chugainn chun comhghairdeas a dhéanamh dúinn as bheith ag caint i nGaeilge. Tábhacht eile leis na MC ná go nascann siad Gaeilgeoirí le chéile agus gur áis iad eolas faoi imeachtaí Gaelacha a mhalairt freisin. Tosaíonn daoine ag freastal ar MC agus ansin bíonn siad ag freastal ar rang nó ar chúrsa nó fiú ag déanamh céime sa Ghaeilge in Ollscoil. Is fearr le cuid eile freastal ar Tob-Ghaeltacht éigin. Tacaíonn muintir na MC leis *An Taobh ó Thuaidh* trí í a cheannach (agus fiú trí í a léamh) agus trí ailt a scríobh di (tá gá le níos mó daoine den saghas sin!). Tá tábhacht ag Cumann na MC sa chogadh ar son na Gaeilge agus bí cinnte gur cogadh atá ann agus an Stáit ag iarraidh i gcónaí í a imeallú. Mar sin ceannaigh an suaitheantas agus caith le bród é.



CEACHT BEAG GAEILGE: RÉAMHFHOCAL - 7 'THAR'



Séimhítear ainmfhocal dílis nó ainmfhocal cinnte tar éis 'thar (over/across/above/by/past/beyond/more than)' de ghnáth:

Thiomáin sé thar Mháire gan síob a thabhairt di ...He drove past Mary without giving her a lift...Léim sé thar gheata an chláí sin...He jumped over the gate in that fence...Thar chlab an dorais (past the doorway)

Ní séimhítear nuair atá ainmfhocal éiginnte le brí ghinearálta i gceist nó i gcás réamhfhocail comhshuite 'thar ceann' nó i nathanna cainte éagsúla:

thar muir/farraige/sáile/toinn (overseas)...thar fulaingt (beyond endurance)...thar bord (overboard)...thar bráid (pass by)...thar téarma (overdue)...thar ceann an Chomhaontais Ghlais (on behalf of the Green Party)...thar gach uile ní (above all things)... thar baile amach (from another town)... gloine thar ceal (a glass too many)... tóin thar ceann (head over heels),

Radharc ar Ifreann

Bhíothas in ifreann ach tháinig mé as,
neosfaidh mé an scéal seo duit, a chara.
scéal a chuirfeadh an croí trasna ort
lán le huafás, fulaingt is pian.
Mhair sé le bliain.

Bhí mé ann, d'fhéachas tríd an scoilt, an dorchadas
is chonac anamacha na marbh ann.
I lár an aonaigh, bhí an Diabhal

Bhíos sceimhlithe i mo bheatha.
Bhí mo chroí ag síorbhualadh, ag preabadh
Gan staonadh, gan stad.
Bhí pianta i mo chnámha
Is ní raibh faoiseamh le fáil.

'Cad a dhéanfainn?' a d'fhiafraigh mé díom féin,
'Cad atá i ndán dom anseo
i bpoll ifrinn an Diabhail,
Domhan damanta scáfar gan ach an t-olc ann.

An bhfuil bealach nó bealaí amach
ón sceon, ón scéin, ón eagla
ón anbhá, ón líonrith, ón scanradh
ó na síorthintreacha ar dearglasadh
gan chara, gan chompánach, gan duine ná deoraí le
glaoch air'.

Ach is giorra cabhair Dé ná an doras
is gan choinne thosaís ag guí,
ag urnaí, ag paidreoireacht
agus mé díreach i ndeireadh na feide,
ar an dé deiridh,
is diaidh ar ndiaidh tháinig maolú,
a thuilleadh maolú is ansin an faoiseamh.
Síneadh lámh chúnta chugam
is d'éalaigh mé.

Pádraig Ó Muircheartaigh

LUIMNIGH

Bhí cailín amháin as Brí Chualann
A d'ól cúpla pionta de fuar-leann
Ag léamh cúrsaí reatha
Is ag ól uisce beatha
Fuair sí í féin anall sa tSualainn.

Rita Ní Ghóilín

Fuair mé mé féin lá amháin sa tSualainn
Níor chuimhin liom ar conas a chuas ann
Ach tar éis cúpla lá
De spraoi is d'iomramh
Shroich mé an cuan i mBrí Chualann.

Rita Ní Ghóilín

Bhí snámhaí ann tráth ó Dhomhnach Míde
A chuaigh ag snámh ar lán taoide.
Chas sé ar mhíol mór bán
A shlog é le h'alp amháin,
Is níor fágadh de oiread na fríde!

Pádraig Mac Éil

Bhí cailín ann uair ó Cois Bá
A chuaigh chun snámh chuig an trá.
Rith an taoide amach
Ag a deich chun a seacht,
Is níl sí chun filleadh go bráth!


Pádraig Mac Éil

[eagarthóir: Bhí mé ag tnúth le raidhse luimneach ó mhuintir na MC ach thuas an méid a tháinig chugam. Cheap mise go raibh gach Gaeilgeoir ina fhile. Scríobh cúig líne bheaga agus beidh d'ainm le feiceáil in *An Taobh ó Thuaidh*. Déan an iarracht ceann a scríobh le do thoil.]

SCÉAL GRINN NA MÍOSA


Pádraig Mac Éil

Bhí an samhradh te tagtha agus shocraigh trí thóirtis, Seán, Pól agus Antóin, cóisir faoin aer a dhéanamh faoin tuath. Chuir Seán ciseán cóisire le chéile ina raibh ceapairí, cistí, brioscaí agus buidéal beorach. Chuir sé an ciseán ar thralaí beag. Cheangail sé trí théad leis an tralaí. Rug Seán, Pól agus Antóin ar théad an duine agus ar aghaidh leo faoin tuath. Faraor, bhí láthair na cóisire cúig mhíle uathu agus thóg sé trí lá chun é a shroicheadh. Bhí siad tuirseach traochta. Chuir Pól pluid ar an



talamh agus d'oscail sé an ciseán. Thóg sé amach buidéal beorach. Chuardaigh sé an ciseán ar feadh tamaill agus ansin d'iarr sé ar Sheán 'Cá bhfuil an t-osclóir, níl sé sa chiseán'. 'Níl', d'fhreagair Seán, 'cheap mise go raibh sé agatsa nó ag Antóin'. Ach ní raibh sé ag ceachtar acu. 'Caithfidh duine dul ar ais agus é a fháil', arsa Seán, 'd'ullmhaigh Pól na ceapairí agus dhing mise gach rud isteach sa chiseán mar sin ba cheart duitse, a

Antóin, an t-osclóir a fháil'. Ní raibh Antóin sásta bogadh ar dtús mar bhí fhios aige go n-íosfadh



an bheirt eile na ceapairí agus na cistí agus é imithe. Ghéill sé dóibh tar éis dhá uair d'argóint theasaí. Thug an bheirt eile móid nach gcuirfeadh siad lámh ar an gciseán.

D'imigh Antóin ar an tslí fada, é ag siúl go tomhaiste agus go mall. Chuaigh sé lá thart agus níor fhill Antóin. Bhí ocras agus tart ar Seán agus ar Pól ach chomhlíon siad a ngealltanas. Tar éis trí lá eile bhí Seán ag éirí corrhónach. Caithfidh mé rud éigin a ithe, ní féidir liom fanacht le h-Antóin a thuilleadh. 'Bí foighneach agus bí láidir. Caithfidimid beart a dhéanamh de réir ár mbriathra. Tar éis dhá lá eile ceapann siad go bhfuil Antóin tar éis fanacht sa bhaile agus go raibh a sheacht sáith de bhia agus de bheoir aige faoi seo. Chuaigh siad anall chuig an gciseán ar na ceithre boinn, d'oscail siad é agus tóg siad amach ceapairí. Go tobann, díreach agus na ceapairí curtha acu chuig a mbéal léim Antóin amach ó chúl charraige in aice láithreach ag béicíl, 'A

bhithiúnaigh agus a éitheoirí bhí fhios agam go baileach cad a dhéanfadh sibh! Díreach mar gheall ar bhur bhfeillbheart níl mé chun dul abhaile chun an t-osclóir a fháil'.



Foclóirín

shocraigh - **decided**; tóirtis - **tortoise**; cóisir faoin aer - **picnic**; ciseán cóisire - **picnic basket**; ceapairí - **sandwiches**; tralaí - **trolley**; cheangail - **tied**; téad - **rope**; faraor - **alas**; láthair - **place**; shroicheadh - **reached**; tuirseach - **tired**; traochta - **exhausted**; pluid - **blanket**; d'oscail - **opened**; chuardaigh - **searched**; d'iarr - **asked**; osclóir - **opener**; ceachtar acu - **either of them**; caithfidh - **has to**; ar ais - **back**; d'ullmhaigh - **prepared**; dhing - **packed**; bogadh - **move**; d'íosfadh - **would eat**; ghéill sé - **he gave in**; teasaí - **heated**; móid - **oath**; tomhaiste - **measured**; go mall - **slowly**; fill - **return**; tart - **thirst**; chomhlíon - **fulfilled**; gealltanas - **promise**; corrhónach - **restless**; fanacht - **stay**; a thuilleadh - **any longer**; foighneach - **patient**; beart de réir do bhriathra - **fit your actions to your words**; a sheacht sáith - **more than enough**; anall - **over**; ar na ceithre boinn - **crawled**; in aice láithreach - **nearby**; béicíl - **yelling**; bithiúnach - **scoundrel**; éitheoir - **perjurer**; go baileach - **exactly**; díreach - **just**; mar gheall ar - **because of**; feillbheart - **treacherous deed**;

TURAS DÚLRA THART AR NA BLASCAODAÍ *Seosaimhín Ruiséal*



Lá breá gréine i lár an Mheithimh seo chaite thógamar turas dúlra ar an Aigéan Atlantach amach ó Leithinis an Daingin. D'fhágamar cuan Chinn Trá san iarnóin i mbád ina raibh 30 paisinéir, turasóirí ó Shasana an tromlach acu. Inár measc bhí Risteard Creagh, treoraí agus zó-eolaí. B'iontach an radharc a bhí againn ag bogadh amach ón gcuan, oileáin na mBlascaoidí amach romhainn. Bhí an t-aigéan thar a bheith séimh agus is ar éigean a bhraitheamar éirí agus titim an bháid ar na tonnta. Ghlaioigh Risteard ainmneacha na n-oileán agus muid ag druidim ina dtreo. Ó thuaidh uainn bhí Beiginis agus tháinig scéalta Pheig Sayers chugam faoi na caoirigh a bhíodh acu ansin. Bhí líon tí amháin ar an oileán sin tráth ach níl duine ar bith ina chónaí go buan ar aon cheann de na hoileáin anois.

Dar leis an údar, Mícheál Ó Dubhshláine, bhí dhá theaghlach ag maireachtáil ar Inis Mhic Uibhleáin (logainm.ie: Inis Mhic Aoibhleáin) sa 19ú haois agus teaghlaigh eile ag maireachtáil inti ó am go céile. Tá teach ag muintir Chathail Uí Eochaidh ar an oileán le blianta agus cabhraíonn siad le fianna rua na hInse a chothú. Ba é Cathal Ó hEochaidh a chuir an giorria dúchasach isteach ann. Na coiníní atá ann, táid níos troime agus níos raimhre ná coiníní an Bhlascaoid, iad blasta agus méith, gan aon namhad nádúrtha acu mar mhadra rua nó easóg. Thug na Normannaigh isteach iad agus chothaídís iad le hithe.

Tá 22 shaghas éan mara difriúil timpeall chósta na hÉireann agus chonaiceamar a lán díobh ar an turas sin. Mhínigh Risteard go maireann siad ar an bhfarraige agus nach dtagann siad isteach ach chun neadú agus chun na gearraigh a chothú.



Chomh luath is a bhíonn an cúram sin déanta acu amach leo arís. Thaispeáin Risteard tréithe éagsúla na héanlaithe, gan bagairt orthu ó chait, ó mhadraí, ó bhroic ná ó ghráinneoga. Tá sé seo an-tábhachtach i gcás na nguairdeall is na n-éan dearg (puifíní) nach mbeadh teacht ag an bhfrancach ná ag an ngráinneog ar na huibheacha agus ar na hógá. An pléisiúr agus an sásamh is mó a bhí againn ná breathnú ar an ngainéad (ogastún) ag tumadh go hiomlán isteach san fharraige.



Tá an guairdeall go forleathan. Éinín an-bheag is ea é, beagáinín níos mó ná an fháinleog, dath dubh atá air le geadán bán. Téann sé na céadta míle amach san fharraige agus ní thagann sé isteach go hoíche tar éis luí gréine. An chaobach an t-aon namhad atá aige. Bhí an crosán an-líonmhar na blianta ó shin ach anois tá na huimhreacha tite go mór. Chonaiceamar an fhoracha thart ar Inis Tuaisceart agus an scréachóg trá timpeall Bheiginis.



Tá an chánóg bhán (fulmaire) an-líonmhar anois. Tá cuma faoileáin uirthi ach go



bhfuil muineál righin láidir agus gob gairid giortach aici agus na cleití ar an droim agus an t-eireaball glas. An t-éan a thaitníonn is mó liom toisc an gob daite atá aige lán d'éisc is ea an puifín. Dhruid an bád isteach cóngarach dos na haille ionas go mbeadh radharc maith againn orthu.

Bhaineamar an-taitneamh as an deilf choiteann. Bhí na céadta díobh ag snámh ar gach taobh den bhád, ag tumadh faoin mbád agus ag léim san aer. Ghabhamar amach níos faide san aigéan ar seans go mbeadh míol mór le feiceáil ach ní raibh an t-ádh linn; lá eile agus turas eile b'fhéidir.



ÉIGSE CHLUAIN TARBH 2019 - FIONNRADHARC *Antaine Ó Sheaghda*

Thosaigh Éigse Chluain Tarbh i mbliana ar an Aoine, 17 Bealtaine sa *Chlasach*. Mar is gnáth ghlac Buíon An Talaimh Ghlais (maidin chaife) a páirt féin inti. Bíonn go leor craic againn agus píosa oibre le déanamh freisin ag ullmhú dár n-ócáid a bhíonn, le cúpla bliain anuas, ar siúl i Leabharlann Mharglann Mhuiríne, Fionnradharc. An teideal atá ar an tráthnóna ná ‘*Dánta agus Duanta*’ le ceol, amhránaíocht, filíocht, scéalaíocht agus ‘imeacht nua’ san áireamh. An bhliain seo caite, bhí an ‘cruinniú mór’ idir Uachtarán Trump agus ceannaire An Chóiré Thuaidh Kim Jong-Un mar imeacht nua. I mbliana, 20 Bealtaine, chuamar i dtreo eile agus bhí ‘*Agallamh Beirte*’ againn idir Sagart agus bean sa ‘Bhosca Faoistine’. Bhí caighdeán na haisteoireachta ar fheabhas. B’fhéidir go bhfuil fios agaibh go mbeidh an *tOireachtas* ar ais i mBaile Átha Cliath i mbliana agus is comórtas mór san Oireachtas é an ‘*Agallamh Beirte*’. An ráfla é go bhfuil an Sagart (Pádraig Ó Briain) agus an peacach aithríoch (Úna de Bhailís) ag smaoinreamh ar dul ar an ardán san fhéile mhór sin? [*eagarthóir*: beidh *Oireachtas na Samhna* ar siúl in Óstán [Citywest](#), Teach Sagard (an Luas, Líne Dhearg), Co Bhaile Átha Cliath ó 30 Deireadh Fómhair -3 Samhain. Déan iarracht freastal air!].

Na himeachtaí eile a bhí againn ná amhránaíocht álainn ó Marian Ní Cheallaigh, ceol iontach ó Deasún Ó Ceallaigh ar an orgán béil, ó Antóin Ó Mathúna ar an méarchlár agus ó Brógan De Fuiteal ar an fheadóg. Thug Deasún amhrán dúinn freisin. Bhí filíocht den scoth le cloisteáil againn ó Áine Ní Chonghaile, Pádraig Mac Domhaill, Máire Uí Mhuirí, Máire Uí Bhrudaigh, Pádraig Ó Brádaigh, Seamus Ó Somacháin, Caitlín Uí Riagáin, Ragnall Cooke, Antóin Ó Mathúna, Noel de Grás agus Tomás Ó Coileáin agus scéalaíocht ó Antóin Ó Séaghdha. Bhí slua mór tuisceanach i láthair ar an oíche agus gach cosúlacht orthu gur bhain siad sult agus taitneamh as an seó! Tá súil ag gach duine, go háirithe mé féin, go mbeidh Áine Uí Mharcaigh ar ais mar Bhean a’Tí an bhliain seo chugainn.

Bhí ar lucht na Buíne agus chuid mhaith don lucht féachana dul chuig an teach tábhairne tar éis an imeachta le sólaistí a fháil agus comhrá maith a dhéanamh faoin tráthnóna. Is iontach an deis é don dream Gaeilge, bualadh le céile agus spraoi a bhaint as ár dteanga ársa áille. Mór an trua nach mbíonn ach imeacht amháin againn gach bliain. **Cad faoi cheann eile a eagrú ag an Nollaig chun na hoícheanta fada a ghiorrú?**

Tá fhios agam nach bhfuil sé furasta dul os comhair lucht féachana, go háirithe as Ghaeilge, ach baineann gach duine sult mór as bheith páirteach. Ar dtús, tá sé nádúrtha bheith neirbhíseach faoin gcaighdeán Gaeilge atá againn, ach ní scrúdú é, agus táimid ann don spraoi agus don teanga. Is cuma faoin gcaighdeán. Mar a deir an seanfhocal ‘*Is fear Gaeilge bhriste ná Béarla cliste*’.

Táimid thar a bheith buíoch do Séamus Mac Giolla Rua agus choiste Éigse Chluain Tarbh gur thug siad deis dúinn arís i mbliana bheith san Éigse. Ba mhaith linn buíochas a ghabháil le Sheila Uí Cheallaigh faoin obair dhian a rinne sí chun an t-imeacht a eagrú agus ‘leabhar an oíche’ a chur faoi chló, agus le Leabharlann Mharglann Mhuiríne, Fionnradharc as cead a thabhairt dúinn an áit a úsáid don tráthnóna.

Ná déan dearmad go mbuaileann an Bhuíon le céile gach maidin Mháirt ag 10.45 sa chaifé ‘*An Talaimh Ghlais*’ ([Green Land Cafe, Marino](#)) agus tá fáilte roimh chách. Tá sé ar an bhfód anois le cúig bliana ó bhunaigh Máire Uí Bhrudaigh é.



MO CHÉAD BHLAISEADH DEN GHAELTACHT

Emily Nic Éil

I mbliana, den chéad uair, d'fhreastail mé ar chúrsa samhraidh Gaeilge. Roghnaigh mé 'Cúrsa A' i gColáiste Uí Chadhain sna Mine in Indreabhán i gConamara. Cúrsa trí seachtaine, ón 3ú Meitheamh go dtí an 25ú Meitheamh, a bhí ann. Bhí timpeall dhá chéad buachaill agus cailín ar an gcúrsa. Shroicheadar an áit ag a cúig a chlog sa tráthnóna an chéad lá. Bhí dhá lárionad in úsáid don chúrsa, ceann amháin sna Mine agus ceann eile i dTulach agus fuairamar bus idir an dá áit nuair ba ghá. Bhailíomar i halla mór ar dtús agus tugadh ainmneacha ár dtithe dúinn. Tigh Shinéid an t-ainm a bhí ar an teach ina raibh mise ag fanacht. Bhí sé suite sna Mine. Bhí trí chailín déag sa teach. Tháinig mé ar an gcúrsa le mo dheirfiúr ach ní rabhamar sa teach céanna mar ceaptar go gcabhraíonn sé leis an bhfoghlaim gan bheith le dlúthchara. Shiúlamar chuig ár dteach agus bhuaileamar le bean an tí agus a clann. D'eagraíomar sinn féin sna seomraí leapa agus ansin d'itheamar béile. Bhí sicín agus sceallóga againn.



D'fhill gach duine ar ais go dtí an coláiste tar éis an bhéile. Bhí orainn ár bhfón póca a thabhairt do na múinteoirí ach bhí cead againn iad a úsáid cúig nóiméad déag trí lá sa tseachtain. Bhí céilí againn ansin. Chríochnaigh an céilí ag leathuair tar éis a naoi agus chuamar chuig ár dtithe arís. Bhí an tae againn ansin agus thiteamar inár gcodladh timpeall a haon déag a chlog. B' shin deireadh den chéad lá ar an gcúrsa. Ní raibh mórán ama againn cumha a bheith orainn bhíomar chomh gnóthach sin!

Lean mórán na laethanta ina dhiaidh sin an patrún céanna. Dhúisimis ag deich chun a naoi ar maidin agus d'ithimis bricfeasta, calóga arbhair, calóga eile nó tósta. Níodh beirt chailín na gréithe agus d'fhaighimis réidh don lá. Shiúlaimis chuig an gcoláiste ag ceathrú chun a deich. Bhí an teach an-ghar don choláiste agus níor thóg an tsiúlóid ach cúig nóiméad. Bhí ceithre rang againn ar maidin óna deich go dtí a haon a chlog. Chuir na múinteoirí muid sna ranganna de réir aoise. Bhí ocht ndaltaí is fiche i mo rang. Bhí múinteoir difriúil againn i ngach rang. Rinneamar téamaí éagsúla leis na múinteoirí, mar shampla 'Áit Chónaithe', 'Spóirt' agus 'Laethanta Saoire' agus d'imríomar cluichí freisin. Tar éis ár ndinnéir sa teach théimis ar ais go dtí an coláiste ar a trí a chlog don am spóirt. Bhí gach duine i bhfoireann agus d'imrímis in aghaidh foirne eile gach lá. Bhí raidhse cluichí againn. D'imríomar cispheil, eitpheil, sacbaí (ceann nua duit b'fhéidir, ach is é a bhí ann ná sacar don chéad leath agus rugbaí don dara leath!) agus haca sna Mine agus cluiche corr, cispheil, sacar, haca agus rugbaí i dTulach. Théadh dhá foireann ag bádóireacht gach tráthnóna chomh maith. Théimis go dtí an trá áitiúil nuair a bhíodh an aimsir grianmhar agus te. Ba thrá álainn í. Bhíodh céilí againn gach oíche sa halla mór i dTulach. D'fhoghlaimíomar a lán damhsaí sna céilithe ar nós 'Ballaí Luimnigh', 'Droichead Átha Luain' agus 'Ionsaí na hInse'. Tháinig feabhas ar ár ndamhsaíocht faoi dheireadh an chúrsa. Thugadh na múinteoirí an post amach ansin freisin. Chanaimis 'Amhrán an Choláiste' agus 'Amhrán na bhFiann' ag deireadh na gcéilithe. Laethanta fada a bhí againn ach iad lán de spleodar agus de spraoi. Bhímis lán-sásta dul chuig na leapacha ag titim na hoíche!





AN CONSAIRTÍN Á CHEILIÚRADH

Jean Somers

Nuair a bhí Jackie Mc Carthy naoi mbliana d'aois, cheannaigh a hathair consairtín di. Ghlac Jackie páirt i gcomórtais cheoil i Londain, áit a raibh cónaí ar a teaghlach. Bhuaigh sí an duais náisiúnta don chonsairtín faoi dhó - ach b'í an t-aon iomaitheoir sa chomórtas!



Ní raibh aghaidh na ndaoine ar an uirlis ag an am sin. D'inis Jackie an scéal sin agus í ag seoladh "*Comhdháil an Chonsairtín 2019*" in Inis, Contae an Chláir, áit ina bhfuil mórán tóir ar an gconsairtín - agus, dar ndóigh, is sár seinnteoir í Jackie féin.

Tamaillín ó shin thosaigh mise ag foghlaim an chonsairtín agus, mar sin, síos liom go *Consairtín 2019*. Bíonn gach saghas imeachta ar siúl: ranganna, ceardlanna, ceolchoirmeacha, ómós do sheinnteoírí cáiliúla; ceoltóirí den scoth ag seinm agus ag múineadh. D'fhreastal mise ar ranganna Mary MacNamara. Is múinteoir iontach í, agus seinneann sí ceol a spreagfadh do chroí. Bhí Mary Kate Lee ó Hamilton, Pennsylvania sa rang céanna liom. Tháinig sí chuig an gComhdháil, meallta ag na ceoltóirí dearscnaitheacha a bhí ag múineadh inti, agus ag na ceolchoirmeacha iontacha a bhí ar siúl inti. Ní bhfaigheadh sí seans ceoltóirí den scoth sin a fheiceáil i Stáit Aontaithe Mheiriceá i ndeireadh seachtaine amháin. Seinneann Mary Kate an chruit Éireannach mar aonréadaí agus seinneann sí i mbanna ceoil lena clann freisin.

Bhuail mé le Caitríona Ní Mhurchú, múinteoir bunscoile, a bhí ag freastal ar rang trí mheán na Gaeilge le Caoilfhionn Ní Fhrighil. Seinneann Caitríona an fheadóg mhór, agus thosaigh sí ar an gconsairtín toisc go bhfuil sí i gceannas ar ghrúpa ceoil le thart faoi 60 páiste ann. Tá sé níos fusa iad a stiúradh leis an gconsairtín atá níos glórmhaire, agus toisc gur féidir bheith ag caint agus ag seinm ag an am céanna!

Labhair mé le hÁine Hensey, duine de na príomheagraithe. Thosaigh *Consairtín* seacht mbliana ó shin toisc nach raibh aon ócáid faoi leith don uirlis. Chuir Áine chun suntais an dul chun cinn iontach a fheictear 'sna seinnteoirí óga a thógann páirt i '*Siamsa na nÓg*' ag *Consairtín* i rith na mblianta. Luaigh sí na ceardlanna speisialta freisin, mar shampla ceardlanna cothabhála. Sé Seán Ó Fearghail, seinnteoir ón Rinn, ata ina mbun. Tá Seán thar barr chun taispeáint conas a oibríonn an uirlis, agus conas aire a thabhairt dó.



'Sí an Ghaeilge an ceol is ansa liom'. (Willie Clancy)


Tá na heagraithe ar aon intinn le Willie Clancy, agus mar sin, tá sé mar bhunchloch acu gur féidir le héinne gur mian leo, a ghnó ar fad a dhéanamh trí Ghaeilge. Ar ndóigh, baineann dúshlán leis an aidhm seo. Bíonn rang iomlán trí Ghaeilge le fáil de ghnáth, ach bíonn caighdeán seanma difriúla idir iadsan a mbíonn ag lorg ranga as Gaeilge. Bíonn roinnt acu ag tosú leis an uirlis, agus bíonn mórán taithí ag daoine eile. Toisc go bhfuil Gaeilge líofa ag a lán de na múinteoirí, is féidir freastal ar rang díobh siúd, freisin, agus Gaeilge a labhairt sa rang.

Mar fhocal scoir, ceapann Áine go bhfuil sé go deas nach bhfuil an fhéile *Consairtín* rómhór, agus gur féidir leat mar sin aithne a chuir ar gach duine a thagann chuige. B'fhéidir go mbuailfidh mé le cuid agaibh ag *Consairtín 2020*.



PERCY LUDGATE AGUS SCIOBAIRÍN DIGITEACH *Seán Ó nAodha*

Rugadh Percy Edwin Ludgate i mbaile Sciobairín, Iarthar Chorcaí sa bhliain 1883. Bhí athair Percy san India in Arm na Breataine. Tar éis seirbhíse anseo lonnigh sé i Sciobairín. Chuaigh Percy chun staidéar i gColáiste Tráchtála Ráth Maonais áit ar cháiligh sé mar chuntasóir agus chuaigh sé ag obair i mBaile Átha Cliath. Mar chaitheamh aimsire aige bhí suim mhór aige i gcumadh inneall áirimh níos fearr ná na cinn a bhí le fáil ag an am sin. Bhí eolas aige ar obair Charles Babbage (1791-1871) agus ar an inneall anailíseach a rinne seisean. Agus é ag obair ina aonar dhear Percy inneall cosúil le ceann Babbage ach bhí difríochtaí eatarthu. Bhain Percy feidhm as iolrú chun oibríochtaí uimhríochta a



Learáid tuairimeach d'Inneall Ludgate (Riches, 1973)

dhéanamh. Bhain Babbage úsáid as suimiú ach d'fhorbair Ludgate ar an deardh a bhí aige. De bharr obair na beirte sin tosaíodh ar chumadh an chéad ríomhaire in-ríomhchláraithe. Bhí inneall Ludgate rialaithe trí théip phollta nó de láimh trí mhéarchlár. Comhlíon sé na trí chéim atá riachtanach le ríomhaire a oibriú, stór sonraí; gléas uimhríochta agus meicníocht seicheamhaithe. Go teoiriciúil bhí an t-inneall a rinne Percy in ann dhá uimhir sna fichidí a iolrú le freagra taobh istigh de 10 soicind, logartam d'uimhir a aimsiú (dhá nóiméad) agus fadhbanna matamaiticiúla eile a réiteach. Bhí súil aige go mbeadh buntomhais a ríomhaire 2 through x 2thr x 2thr, go mbeadh sé iniompartha agus ag fáil a chumhachta ó inneall leictreach. Fuair Ludgate bás i 1922 in aois 39 mbliana agus níor thángthas ar aon cháipéisí ná léaráidí uaidh ó shin. Fadhb mhór ag an am sin nach raibh an caighdeán innealtóireachta chomh maith leis na smaointe agus le teoiric na heolaithe.



Rinne muintir Sciobairín chinneadh úsáid a bhaint as ainm cáiliúil Percy Ludgate.

Sa bhliain 2015 bunaíodh an suíomh digiteach **Ludgate Hub** (Mol) sa bhaile. I measc na ndaoine a bhí i mbun an tionscadail sin bhí an stiúrthóir scannán An Tiarna David Puttnam, Seán O'Driscoll, Príomhfheidhmeannach Glen Dimplex agus Iar-Chorcaíoch dúchasach agus Seán Field, úinéir an ollmhargaidh sa Sciobairín. Bhronn Seán Field an t-áitreabh don Mhol mar bhí brón air ag féachaint ar an aos óg ag dul ar imirce. Bhí sé mar aidhm aige go mbeadh obair áitiúil le fáil gan dul thar lear. D'eagraigh siad an áit sin i gcomhair timpeallacht spreagúil fiontraíochta. Bhí ceangal leathanbhanda tapa le fáil chun gnó a dhéanamh. Bheadh deis ag an lucht gnó táirgí agus smaointe a spreagadh. Tá deiseanna do dhaoine obair ina n-aonar nó mar ghrúpa le chéile. Tá seomra físchomhdála den chineál is úire agus seomraí eile chun cruinnithe agus léiriú scileanna agus smaointe éagsúla. Tá súil ag na daoine atá i mbun an **Hub** go mbeidh Sciobairín mar áit thábhachtach i rith Seachtain Dhigiteach Náisiúnta (tionóladh an chéad cheann sa bhaile i Samhain 2015).

Gúgláil fano.co.uk/ludgate/paper.html chun páipéar Ludgate (1909) a léamh. Féach nótaí faoi Ludgate ó Dr Brian Coghlan, Coláiste na Tríonóide, BÁC: **TCD-SCSS-X.2012108.002**.






CROSFHOCAL BÉARLA-GAEILGE XBG-40

TRASNA

SÍOS



- | | | | |
|----|-------------------|----|-----------------|
| 1 | needy (6) | 2 | spouse (7) |
| 5 | cover (6) | 3 | walk (4) |
| 9 | millstone (3) | 4 | botching (6) |
| 11 | sinful (7) | 5 | cauliflower (6) |
| 12 | pantry (7) | 6 | table (4) |
| 13 | decree (4) | 7 | timepiece (7) |
| 14 | dry (5) | 8 | blister (6) |
| 16 | burns (4) | 10 | nuts (6) |
| 18 | light (3) | 15 | flirt (7) |
| 20 | stag (6) | 17 | favour (5) |
| 23 | inexperienced (6) | 19 | anil (5) |
| 25 | cutlery (7) | 21 | satirize (3) |
| 26 | heather (6) | 22 | but (3) |
| 28 | disc (6) | 23 | tall (3) |
| 31 | clay (3) | 24 | cram (3) |
| 33 | and (4) | 26 | weed (6) |
| 34 | excess (5) | 27 | addendum (7) |
| 35 | copper (4) | 29 | tranquil (7) |
| 38 | above (7) | 30 | atom (6) |
| 39 | Spring (7) | 31 | fractious (6) |
| 40 | axe (3) | 32 | compulsion (4) |
| 41 | glossy (6) | 36 | cavity (4) |
| | | 37 | direction (4) |



CUARDACH FOCAL 40

éin 3 / birds 3

F	U	M	A	I	N	Á	R	H	C	O	L	C	C	F
A	E	G	E	G	E	Á	N	H	C	A	B	O	A	C
L	R	U	U	S	É	A	G	A	I	R	D	E	A	L
R	I	A	N	A	B	H	A	R	O	G	O	E	G	O
Ó	N	I	Í	B	É	L	S	I	A	E	D	S	O	C
G	Ó	R	H	B	A	E	G	R	A	E	D	S	Á	H
A	G	D	B	S	L	H	C	L	I	H	D	G	F	N
S	F	E	I	É	E	B	C	E	C	A	A	S	A	Á
T	N	A	É	A	G	R	E	A	B	H	M	É	O	N
U	Ú	L	L	G	I	L	E	C	R	H	L	A	I	C
N	T	L	S	A	O	L	Á	H	C	O	U	L	L	O
L	S	H	A	E	R	I	A	M	L	U	F	L	E	B
L	A	H	G	I	B	Ó	G	S	T	O	N	I	Á	A
A	G	A	E	S	H	G	P	I	R	B	Á	O	N	C
F	O	M	N	Á	R	H	T	A	U	L	E	A	C	H

- | | |
|-------------------------------|------------------------------|
| broigheall
(cormorant) | fulmaire
(fulmar) |
| caobach
(blackbacked gull) | geabhróg
(common tern) |
| clochrán
(wheatear) | guairdeall
(storm petrel) |
| cosdeargán
(redshank) | luathrán
(sanderling) |
| crosán
(razorbill) | meirleach
(skua) |
| falaróp
(phalarope) | ogastún
(gannet) |
| faoileán
(gull) | seaga
(shag) |
| foracha
(guillemot) | sléibhín
(black-headed) |



FOCLÓIR

suaithantas: badge dearadh: design malartú: exchange	bád farantóireachta: ferry borr: swell dromchla: surface leatra: urgent need to urinate mún: urinate briste géine: jeans	aistear: journey saoránach: citizen saorga: artificial riarachán: administration aerloingseoireacht: aeronautics spásaireacht: astronautics spástaiscéalaíocht: space exploration fithis: orbit Comhdháil: Congress ceangal a chuir: commit to tuirlingt: land forbraíodh: was developed sprioc: objective Arm Chúitimh: Vengeance Weapon Modúl Ceannais: Command Module spásaire: astronaut céim: stage spásárthach: spacecraft iomramháil trasuímh, nasetha agus astarraingthe: transposition docking and extraction manoeuvre scar: separated M. Seirbhíse: Service Module ídithe: exhausted Modúl Gealaí: Lunar Module Inneall tiomána: propulsion engine lasc: switch breosla: fuel sceitheadh: exhaust tóireadóir: probe bunáit: base
anbhá: dismay, panic líonrith: panic i ndeireadh na feide: at the last gasp = ar an dé deiridh iomramh: rowing oiread na fríde: littlest bit ag tnúth: expecting raidhse: profusion	lárionad: centre sceallóga: chips cumha: homesickness eitpheil: volleyball an cluiche corr: rounders	
méith: fat easóg: stoat gráinneog: hedgehog guairdeall: storm petrel éan dearg/puifín: puffin gainéad (ogastún): gannet tumadh: diving fáinleog: swallow geadán: patch caobach: blackblack gull crosán: razorbill foracha: guillemot scréachóg trá: tern cánóg bhán (fulmaire): fulmar giortach: stubby deilf: dolphin	dearscnaitheach: excellent aonréadaí: soloist cothabháil: maintenance	
éigse: assembly of learned buíon: band aithríoch: penitent	inneall áirimh: calculator anailiseach: analytical iolrú: multiplication oibríochtaí uimhríomhachta: arithmetic operations suimiú: addition ríomhaire: computer in-ríomhchláraithe: programmable meicníocht seicheamhnú: sequencing mechanism buntomhais: dimensions iniompartha: portable tionscadal: project áitreabh: premises fiontraíocht: enterprise físchomhdháil: videoconference	

CROSFHOCAL BG XBG-39: RÉITEACH

	1S	2C	3E	4A		5I	6N	7T	8I	9N	10N	
8S		A		S		9B	10E		11É		A	12Ó
11C	12O	13R	14R	15A	16C	17H		18N	19E	20A	21N	22T
	Á		T		L		R		L		D	
13F	14U	15A	16R		17C	18A	19B	20A	21R	22B	23A	24T
	A		I		17T	18S	19E	20O		19C		I
20R	21A	22M	23H	24A	25R		26O		27S	28E	29A	30R
	O			25C	26É	27A	28C	29H	30T	31A		R
26C	27R	28Ó	29G	30A			H		28Á	29R	30A	31S
	Á		S		Í		31C	32A	33M	34T		C
33I	34N	35T	36I			34B	35A	36N	37A	38Í		35T
	N		L		36S		P		I		37B	
38T	39E	40A	41N	42N	43T	44A		39D	40A	41L	42L	43T
	E		N		U		40L	41É	42I		A	
	41U	42N	43C	44A	45I	46L		42N	43A	44S	45C	46A
								42N	43A	44S	45C	46A

CUARDACH FOCAL 39: RÉITEACH

M	A	D	N	A	T	R	O	T	H	A	I	R	O	L
E	O	T	H	G	L	U	A	I	S	C	O	T	A	R
D	A	T	B	A	B	C	A	T	R	B	A	D	R	A
N	R	A	H	U	Í	T	Ú	A	Ú	R	T	A	C	H
A	H	Ú	S	A	V	S	E	T	R	C	U	B	G	T
T	A	C	R	E	R	I	A	T	A	C	S	L	L	O
R	R	O	A	T	N	C	Ó	S	H	Ó	O	D	U	R
A	L	I	T	H	O	T	H	R	T	R	A	O	A	S
I	N	T	R	E	T	S	I	A	O	B	N	L	I	I
M	Ó	R	M	Í	R	O	V	Í	R	R	A	L	S	A
C	O	A	D	A	E	B	R	A	S	R	E	S	T	U
L	R	E	T	S	I	Ó	C	Í	I	O	V	C	E	L
T	S	I	Ó	C	N	Á	É	T	R	S	L	G	Á	G
S	Ú	N	I	A	V	A	D	A	L	T	E	R	N	M
C	O	I	S	T	E	R	Í	N	G	N	I	E	A	V


SEANFHOCAL
Is maith an scáthán súil carad



AISTEAR APOLLO 11 - I

Pádraig Mac Éil


Baineadh siar ar shaoránaigh agus ar rialtas Stáit Aontaithe Mheiriceá (SAM) nuair a sheol Aontas na bPoblachtaí Sóivéadacha Sóisialacha an chéad satailít shaorga, *Sputnik I*, sa Spás, 4 Deireadh Fómhair 1957. Thosaigh an Spásrás an lá sin. Bhunaigh Uachtarán SAM, Dwight Eisenhower, *Riarachán Náisiúnta na hAerloingseoireachta is na Spásaireachta* (NASA) chun tabhairt faoin spástaiscéalaíocht. D'éirigh le SAM fir a chur ar fhithis i dTionscadal Mercury ach i gcónaí bhí siad ar gcúl na Sóivéadach. Ar 25 Bealtaine 1961 d'fhógair Uachtarán JF Kennedy le Comhdháil na Stát Aontaithe, 'Creidim gur cheart don Náisiún seo ceangal a chur air féin fear a thuirlingt ar an nGealach agus é a thabhairt ar ais don Domhan go sábháilte faoi dheireadh na deich mbliana romhainn'.



Forbraíodh na hinnill, an teicneolaíocht agus na modhanna oibre chun an sprioc a chur i gcrích trína Tionscadal Gemini agus trína Tionscadal Apollo. Ar an 16 Iúil 1969 seoladh Apollo 11 ó Lárionad Spáis Kennedy, Cape Canaveral, Florida ar bharr roicéad Saturn V AS-506. B'iad innealtóirí Gearmánacha faoi cheannas Wernher von Braun le hinnealtóirí Meiriceánacha a d'fhorbair an Saturn.

D'fhoghlaim na Gearmánaigh faoi roicéid nuair a bhí siad ag cur an V2 (*Vergeltungswaffe 2*, 'Arm Chúitimh 2') le chéile do Adolf Hitler le linn Chogadh Domhanda 2. Sa Mhodúl Ceannais (MC, *Columbia*) bhí triúr spásairí, Neil Armstrong, Edwin 'Buzz' Aldrin agus Michael Collins. Tar éis fithise go leith bhrú inneall an tríú céim S-IVB an spásárthach i dtreo na gealaí. Leathuair ina dhiaidh sin rinne Collins an ionramháil trasuímh, nasctha agus astarraingthe. Scar sé an Modúl Ceannais agus an Modúl Seirbhíse (MS) ón tríú céim den S-IVB (a bhí ídithe faoi seo), d'iompaigh sé é timpeall agus nasc sé é leis an Modúl Gealaí (MG: *Eagle*). Chuaigh an MC/MS/MG i dtreo na gealaí ansin. Ar an 19 Iúil chuaigh Apollo 11 ar chúl na Gealaí agus tosaíodh an t-inneall seirbhíse tiomána chun dul i bhfithis ina timpeall. Sa turas chuaigh an MC/MS timpeall na gealaí 30 uair ina hiomlána.

Ar 20 Iúil chuaigh Armstrong agus Aldrin isteach sa MG chun ullmhú don tuirlingt ar an dromchla. Ag 17:44 scar an *Eagle* ón MC/MS agus chas sé timpeall chun deis a thabhairt do Collins sa *Columbia* é a scrúdú ar eagla go mbeadh damáiste déanta dó agus chun cinntiú go raibh gach rud i



gceart. Dúirt Armstrong 'tá cleití ag an *Eagle*'. Bhí fadhb leis an ríomhaire de dheasca lasc a bheith san ionad 'suas' in ionad 'síos' agus thug sé aláram. Ach lean na spásairí ar aghaidh nuair a fuair siad teachtaireacht ó Houston go raibh gach rud ceart go leor. Bhí Armstrong ina phíolóta san *Eagle* agus bhí Aldrin ag glaoch amach na sonraí loingseoireachta. Bhí an breosla á ídiú agus Armstrong ag lorg an áit ab fhearr chun tuirlingt. Ag 30 m ar airde ní raibh ach 90 soicind de fágtha. Roghnaigh sé suíomh agus dhírigh sé an MG air. Chorraigh sceitheadh an innill deannach na gealaí. Bhí sé deacair an dromchla a fheiceáil go soiléir. Ansin las solas nuair a theagmhaigh tóireadóir (fad 170 cm) a bhí nasctha le troigh an MG an dromchla. 'Solas theagmhála', arsa Armstrong. Ba cheart dó an t-inneall a mhúchadh ansin ach rinne sé dearmad air. Trí shoicind níos déanaí, ag 9.15pm (in Éirinn), Dé Domhnaigh, 20 Iúil 1969 thuirling an *Eagle*. Mhúch Armstrong an t-inneall. 'Houston, Bunáit Tranquillity anseo. Tá an *Eagle* tuirlingthe'. Bhí 50 soicind den bhreosla fágtha!